Gaillimh Shláintiúil

# Contae Sláintiúil na Gaillimhe agus Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe

## Foirm Iarratais ar Dheontas do Threalamh Gníomhaíochta Fisiciúla atá feiliúnach do Gach Duine

| | |
|---|---|
| **AINM AN GHRÚPA IARRTHÓRA:** | |

**Deimhnigh go bhfuil siad seo a leanas faoi iamh:**

| | | |
|---|---|---|
| An Fhoirm Iarratais, comhlánaithe agus sínithe go hiomlán | **Tá** ☐ | |
| Cóip de Ráiteas Bainc atá cothrom le dáta | **Tá** ☐ | |
| Cóip den Pholasaí Árachais Dliteanais Phoiblí | **Tá** ☐ | |
| **Deimhnigh iad seo a leanas le do thoil** | | |
| An bhfuil do Chlub cláraithe le Cairt um Míchumas CARA | **Tá** ☐ | **Níl** ☐ |
| An bhfuil do Chlub cláraithe le 'Ná Caith Timpeall Orainn' Spásanna agus Áiteanna Saor ó Thobac | **Tá** ☐ | **Níl** ☐ |
| An bhfuil 'Clár Meabhairshláinte agus Folláine' de chuid Mheabhairshláinte Éireann, Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus Chontae Sláintiúil na Gaillimhe ag do Chlub? | **Tá** ☐ | **Níl** ☐ |

**NÍ CHUIRFEAR SAN ÁIREAMH IARRATAIS A BHEIDH NEAMHIOMLÁN NÓ DÉANACH.**

Féadfaidh tú d'iarratas comhlánaithe a chur isteach ar **cheann de** na bealaí seo a leanas:

Trí r-phost chuig: healthandwellbeing@galwaycoco.ie (is é seo an modh fála is fearr linn – sínigh an fhoirm ar dtús, le do thoil, ansin déan scanadh air & seol ar r-phost é leis na doiciméid tacaíochta ar fad).

Tríd an bpost chuig: Comhordaitheoir Éire Shláintiúil**,** An Roinn Forbartha Tuaithe Eacnamaíochta & Pobail, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX.

Ceisteanna: Andrew Mc Bride, Comhordaitheoir Éire Shláintiúil: amcbride@galwaycoco.ie
Ellie Loftus, Oifigeach um Chuimsiú Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas, GSP: eloftus@galwaycoco.ie

**Is é an Dáta Deiridh a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe ná Dé hAoine an 18 Samhain 2022 ag 4.00 pm.**

*Ciste Éire Shláintiúil le tacaíocht ón Roinn Sláinte*

## ROINN 1: SONRAÍ AN IARRATASÓRA

| | | |
|---|---|---|
| Ainm an Ghrúpa Iarrthóra / na hEagraíochta: | | |
| Seoladh na hEagraíochta Iarrthóra: | | |
| Sonraí ar líne na hEagraíochta Iarrthóra: (Suíomh Gréasáin, Facebook, Twitter, Meáin Shóisialta Eile) | | |
| An bhfuil d'Eagraíocht cláraithe leis an Comhpháirtíocht Spóirt Na Gaillimhe ? | Tá ☐ Níl ☐ | |
| Ainmneacha Teagmhála le haghaidh Comhfhreagrais: | 1. | 2. |
| Post sa Ghrúpa/san Eagraíocht: | | |
| Seoltaí Ríomhphoist le haghaidh Comhfhreagrais: | | |
| Uimhreacha Theileafóin le haghaidh Comhfhreagrais: | | |
| Tabhair príomhaidhmeanna do Ghrúpa, le do thoil: | | |
| Cá mhéad duine a gcuireann d'eagraíocht tacaíocht ar fáil dóibh?<br>1. 50 bliain d'aois agus níos sine (Daoine scothaosta mar atá leagtha amach ag Spórt Éireann)<br>2. 19 mbliana agus níos sine (Sinsear)<br>3. 13-18 mbliana<br>4. Faoi 12 bhliain<br>5. Pinsinéirí<br>6. Daoine faoi Mhíchumas | Fir<br>1.<br>2.<br>3.<br>4.<br>5.<br>6. | Mná<br>1.<br>2.<br>3.<br>4.<br>5.<br>6. |
| Cá mhéad oibrí deonach 'gníomhach' atá ag bhur gclub? | | |
| An bhfuil táillí ballraíochta á mbaint amach agat? Má tá, cá mhéad atá á bhaint amach? | Tá ☐ Níl ☐ **€** | |
| An bhfuil baint nó an bhfuil aon cheangal ag do Ghrúpa/Eagraíocht le gníomhaireacht áitiúil réigiúnach nó náisiúnta ábhartha? Má tá, tabhair sonraí:<br><br>NB Riachtanas Deontais | Tá ☐ Níl ☐ | |

| Roinn 2: Sonraí an Tionscadail | |
|---|---|
| Céard iad na cineálacha grúpaí nó daoine aonair a fhreastalaíonn bhur gclub orthu? | |
| An bhfreastalaíonn bhur gclub i láthair na huaire ar dhaoine atá faoi mhíchumas?<br><br>Má tá, tabhair sonraí: | Tá ☐ Níl ☐ |
| Céard iad na cineálacha imeachtaí/gníomhaíochtaí a chuireann sibh ar fáil i láthair na huaire? | |
| Déan cur síos MIONSONRAITHE ar an gceannachán trealamh beartaithe ar a bhfuil sé i gceist agaibh Maoiniú Éire Shláintiúil a úsáid ina leith. | |
| Cén bealach a chuideoidh an trealamh seo libh a bheith níos ionchuimsithí? | |
| Déan achoimre ar na tairbhí a bhainfidh leis an trealamh seo don chlub/phobal | |
| Cén chaoi a spreagfaidh sibh daoine atá faoi Mhíchumas le bheith páirteach? | |
| Má éiríonn leat, cén chaoi a n-admhóidh do Ghrúpa/Eagraíocht an maoiniú ón gCiste Éire Shláintiúil agus Comhpháirtíocht Spóirt Na Gaillimhe? | |

## ROINN 3: SONRAÍ AIRGEADAIS

| **Déan miondealú, le do thoil, ar an gcaiteachas don tionscadal a bhfuil maoiniú á iarraidh agat ina leith** | |
|---|---|
| **Trealamh:** | **Méid:** |
| - | € |
| - | € |
| - | € |
| - | € |
| - | |
| - | € |
| **Caiteachas Iomlán ar an Threalamh** atá **beartaithe:**<br>**(Deontas €500 ar a mhéad)**<br><br>**Má chosnaíonn an Trealamh níos mó ná €500 ar an iomlán, cén chaoi a dhéanfar an fuílleach a mhaoiniú?**<br>**Sonraí:** | **€** |

## ROINN 4: ADMHÁIL AGUS DEARBHÚ

Thar ceann ár nGrúpa/Eagraíochta, deimhním:

1. Gur léigh mé, gur thuig mé, agus gur ghlac mé leis na Téarmaí & Coinníollacha atá i bhfeidhm maidir leis an maoiniú seo.
2. Deimhním go bhfuil an t-eolas ar fad atá á sholáthar san iarratas seo, agus an t-eolas ar fad a thugtar in aon cháipéisíocht tacaíochta, fírinneach agus cruinn.
3. Aontaím le próiseáil agus nochtadh faisnéise ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag tríú páirtithe eile más gá ar mhaithe le riarachán an chiste, meastóireacht tuairiscithe agus iniúchadh, agus tugaim toiliú breise go bhféadfaí na páirtithe seo an fhaisnéis (ainm na heagraíochta iarrthóra, méid an deontais a bronnadh, sonraí faoin tionscadal/ faoin imeacht a maoiníodh) a nochtadh ar mhaithe le margaíocht nó bolscaireacht a dhéanamh ar an maoiniú seo.
4. Éileofar ar dheontaithe a éireoidh leo beirt chomhaltaí a ainmniú chun freastal ar Chúrsa Feasachta Ionchuimsithe Spóirt & Míchumais ar líne CARA a chuirfidh Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe ar fáil SAOR in Aisce. Beidh ar dheontaithe clárú chomh maith le Cairt um Chuimsiú Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas CARA.
5. Deimhním go bhfuil clúdach árachais leordhóthanach agus cuimsitheach againn dár ngníomhaíochtaí.
6. Tuigim gur próiseas iomaíoch é seo agus dearbhaím go nglacfaidh mé leis nach mbeidh aon dul thar an gcinneadh maidir le m'iarratas.

Ní mór don Chathaoirleach, Rúnaí nó Cisteoir, an dearbhú seo a shíniú thar ceann na hEagraíochta Iarratasóra:

| | |
|---|---|
| Ainm (i mbloclitreacha): | |
| Sínithe: | |
| Post san Eagraíocht Iarratasóra: | |
| Dáta: | |

**Contae Sláintiúil na Gaillimhe agus Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe**

**Foirm Iarratais ar Dheontas do Threalamh Gníomhaíochta Fisiciúla atá feiliúnach do Gach Duine**

**LÉIGH NA TREOIRLÍNTE SEO A LEANAS SULA LÍONFAIDH TÚ ISTEACH AN FHOIRM IARRATAIS.**

## 1. Réamhrá

Is tionscnamh faoi threoir Rialtais é Éire Shláintiúil atá dírithe ar fheabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine gach uile duine atá ina chónaí in Éirinn. Is cuid thábhachtach í an Ghníomhaíocht Fhisiciúil dár sláinte agus folláine agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag cách ar ghníomhaíocht fhisiciúil trí dheireadh a chur leis na bacainní a chuireann cosc ar dhaoine a bheith páirteach.

Is é is aidhm leis an Deontas ar Threalamh Gníomhaíochta Fisiciúla atá feiliúnach do Gach Duine cuidiú le clubanna a bheith níos ionchuimsithí agus deiseanna NUA a chruthú do dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu chun go mbeidh siad in ann a bheith páirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil. Tacóidh an deontas seo le tús a chur le gníomhaíochtaí sonracha do dhaoine faoi mhíchumas nó iad a fheabhsú laistigh de chlubanna spóirt sa ghnáthphobal a bhfuil ceangal déanta acu le Foras Rialaithe Náisiúnta atá aitheanta ag Spórt Éireann.

Éileofar ar dheontaithe a éireoidh leo beirt chomhaltaí a ainmniú chun freastal ar Chúrsa Feasachta Ionchuimsithe Spóirt & Míchumais ar líne CARA a chuirfidh Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe ar fáil SAOR in Aisce. Beidh ar dheontaithe clárú chomh maith le Cairt um Chuimsiú Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas CARA.

## 2. Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Is féidir le Clubanna Spóirt a bhfuil ceangal déanta acu le Foras Rialaithe Náisiúnta a bhfuil aitheantas faighte acu ó Spórt Éireann iarratas a dhéanamh ar an deontas seo. Tá an deontas dírithe go príomha ar chuidiú le heagraíochtaí a bheith níos ionchuimsithí agus deiseanna NUA a chruthú do dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise acu chun go mbeidh siad in ann a bheith páirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil.

## 3. Tionscadail incháilithe

Beidh na míreanna caiteachais seo a leanas incháilithe, agus beidh deontais ar scála beag den chuid is mó:

- Trealamh Gníomhaíochta Fisiciúla Oiriúnaithe e.g.:
  - Cúr/balún - liathróidí
  - Téada Reathaíochta
  - Cóin ré – i.e., spotaí urláir
  - Fáinne cispheile urláir

- Trealamh Céadfach e.g.:
  - Liathróidí daite/uigithe/cloigíní
  - Scairfeanna céadfacha
- Campa Céadfach
- Oideachas Cóitseálaí e.g., Uathachas sa Spórt CARA

**Deontas €500 ar a mhéad**

**Ní mór an deontas a bheith caite agus tarraingthe anuas roimh an 31 Nollaig 2022**

### Nithe nach mbeifear ag maoiniú

- Comórtais/imeachtaí aon uaire
- Taisteal thar lear ná aon chothabháil
- Caiteachais chaipitil

## 4. Ceanglais an Chláir

Beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas i gcás gach tionscadal.

**4.1 Doiciméid an Bhunreachta**

4.1.1 Ní mór do na heagraíochtaí Bunreacht / Rialacha a bheith acu nó i gcás Cuideachtaí Meabhrán Comhlachais & Airteagail Chomhlachais.

4.1.2 Iarrtar ar gach eagraíocht clárú le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe chun maoiniú a tharraingt anuas agus leas a bhaint as tuilleadh deiseanna eolais agus oiliúna.

**4.2 Árachas**

Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú go bhfuil an t-árachas atá cuí agus riachtanach acu chun an tionscadal a oibriú agus chun aon dliteanas a thiocfadh chun cinn i ndáil leis an tionscadal a chlúdach.

**4.3 Cosaint Sonraí**

Ní mór d'eagraíochtaí beartais agus nósanna imeachta láidre cosanta sonraí a bheith i bhfeidhm acu chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht go hiomlán leis an reachtaíocht um chosaint sonraí.

### 4.4 Cosaint Leanaí

4.4.1 Ní mór d'eagraíochtaí cloí le hAchtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012-2016, áit a leagtar síos go bhfuil sé éigeantach go mbeadh grinnfhiosrúchán déanta ag Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar dhaoine atá ag obair le leanaí nó le daoine fásta soghonta. I measc na n-oibrithe áirítear baill foirne, oibrithe deonacha agus iad siúd atá ar shocrúchán mac léinn agus ag obair d'eagraíocht ábhartha trína bhfuil rochtain acu ar leanaí agus ar aosaigh shoghonta.

4.4.2 Comhlíonfaidh aon eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí do leanaí agus/nó a bhfuil baint acu le leanaí, an tAcht um Tús Áite do Leanaí 2015 ina bhfuil na príomhbhearta cosanta leanaí, lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta don Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

4.4.3 Comhlíonfaidh eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí réamhscoile An tAcht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), Rialacháin 2016 agus Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasuithe), 2016 chun a chinntiú go dtugtar cosaint do shláinte, sábháilteacht agus leas gach linbh.

## 5. Critéir Roghnúcháin

Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Sláinte agus Folláine Chontae Sláintiúil na Gaillimhe agus Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe iarratais a mheas d'fhonn incháilitheacht i ndáil leis na critéir mheasúnaithe seo a leanas a chinntiú:

- Ag teacht le Creat Éire Shláintiúil, le beartais agus pleananna náisiúnta ábhartha
- Fianaise ar theist ó thaobh seachadadh gníomhaíochtaí agus tionscnamh sláinte nó folláine
- Fócas ar na Spriocghrúpaí
- Caighdeán leagan amach an tionscadail agus a chumas deireadh a chur leis na bacainní a chuireann cosc ar an rannpháirtíocht sa Ghníomhaíocht Fhisiciúil
- Luach ar airgead (miondealú ar chostais incháilithe agus iad soiléir agus inchosanta)
- Inbhuanaitheacht
- Cistí meaitseála a bheith ar fáil, más gá

## 6. Rialachas Corparáideach

**6a. Monatóireacht:**
Beidh ar dheontaithe cloí leis an gcaighdeán is airde trédhearcachta agus cuntasachta mar atá leagtha síos i gCiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Bainistíocht ar Dheontais ó Chistí státchiste agus Cuntasacht
http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf

Is é an prionsabal foriomlán gur cheart go mbeadh trédhearcacht agus cuntasacht ann ó thaobh bainistiú ar chistí poiblí, i gcomhréir leis an ngeilleagar, le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht. Leagtar amach sa chiorclán, mar shampla, nár cheart d'fhaighteoirí deontais fáil réidh le sócmhainní a raibh maoiniú poiblí faighte dó gan cead a bheith faighte roimh ré.

**6b. Soláthar**
Ní mór do gach iarratasóir cloí leis na riachtanais soláthair phoiblí agus beidh orthu luachana a sholáthar do gach gné den chaiteachas atá beartaithe mar seo a leanas:

- I gcás gach míre earraí/seirbhísí/oibreacha atá níos lú ná nó cothrom le €3,000 = 1 mheastachán i scríbhinn
- I gcás gach míre earraí/seirbhísí/oibreacha atá níos mó ná €3,000 = 3 mheastachán i scríbhinn

**6c. An Cód Rialachais d'eagraíochtaí Pobail agus Deonacha**
Tá an Roinn ag spreagadh comhlachtaí a fhaigheann maoiniú le go nglacfaidh siad leis an gCód Rialachais, Cód Cleachtais a bhaineann le Dea-Rialachas ar Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanais agus a chabhraíonn leo barr feabhais a bhaint amach i ngach réimse dá gcuid oibre. Iarrann an Cód Rialachais ar eagraíochtaí aontú go bhfeidhmeoidh siad faoi na príomhphrionsabail d'fhonn a n-eagraíochtaí a reáchtáil ar bhealach níos éifeachtaí i réimsí a bhaineann le ceannaireacht, trédhearcacht agus cuntasacht agus ionracas. Tá tuilleadh eolais faoin gCód ar fáil ag www.governancecode.ie

## 7. Nósanna Imeachta chun Faofa a fháil

Is féidir le gach iarratas ar mhaoiniú faoin gclár seo a gheobhaidh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil roinnt fachtóirí éagsúla a áireamh lena n-áirítear cothromaíocht gheografach agus acmhainn Gníomhaíochtaí Fisiciúla Ionchuimsithe NUA a chur ar fáil agus cur leis na deiseanna atá ag daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a bheith páirteach i nGníomhaíocht Fhisiciúil.

Tar éis cinneadh a bheith glactha go mbeidh tionscadal faofa, faoi réir foirmiúlachtaí dlíthiúla agus ceanglais eile a bheith curtha i gcrích, gheobhaidh an tionscadal tairiscint i bprionsabal maidir leis an deontas. Beidh sé seo faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha ábhartha agus

faoi réir go nglacfaidh an t-iarratasóir go sásúil leis an tairiscint sin. Forchoimeádtar an ceart deontais a thairgtear do thionscadal faofa a tharraing siar mura gcomhlíontar gach ceanglas taobh istigh de thréimhse réasúnta.

Forchoimeádann an Roinn agus/nó an tÚdarás Áitiúil an ceart iniúchadh a dhéanamh ar chaiteachas nó cigireachtaí a dhéanamh ó am go ham.

**Tabhair do d'aire:**
Is iondúil go dtéann líon na n-iarratas ar chúnamh thar na cistí a mbíonn fáil orthu agus tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh dianphróiseas meastóireachta ann. Is é cuspóir an phróisis seo a chinntiú gurb iad na tionscadail is fearr, nuair a chuirtear gach rud san áireamh, a thiocfadh chun cinn agus a gheobhaidh tacaíocht. Is beartas de chuid na Roinne é a chinntiú go gcaitear ar bhealach cothrom agus neamhchlaonta le gach iarratas.

D'fhéadfaí maoiniú a thairiscint a bheadh níos ísle ná an méid a bhí iarrtha ag an iarratasóir. Ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh an iomarca iarratais a bheith istigh ar an gClár. Dá bhrí sin, i gcúinsí den sórt sin, ní gá go n-éireodh le gach iarratas a chomhlíon na coinníollacha nó d'fhéadfadh go mbronnfaí maoiniú níos lú.

## 8. Ginearálta

Is éard atá i gceist leis an eolas atá á chur ar fáil sa doiciméad seo tuiscint a thabhairt d'iarratasóirí ar an bpróiseas trína ndéantar measúnú agus faomhadh ar iarratais ar mhaoiniú agus níl sé i gceist gur léirmhíniú dlíthiúil a bheadh ann.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, féadfar sonraí a chuirtear ar fáil in iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta a nochtadh, nuair a iarrtar iad, do thríú páirtithe. Má tá faisnéis i d'iarratas atá íogair nó faoi rún, tarraing aird air agus tabhair míniú ar an gcúis nár chóir é a nochtadh. Má fhaightear iarratas i dtaca le faisnéis íogair a scaoileadh faoin reachtaíocht, rachfar i gcomhairle leat sula ndéanfar cinneadh an nochtfar an fhaisnéis sin. Mura raibh aird tarraingthe agat ar ábhar a bheadh íogair, áfach, d'fhéadfaí í a nochtadh gan dul i gcomhairle leat.

### Cuairteanna chuig Suímh

Féadfaidh an Roinn, an tÚdarás Áitiúil nó an LCDC cuairteanna a thabhairt ar shuímh, gan réamhfhógra a thabhairt, chun comhlíonadh théarmaí agus choinníollacha an Chláir a fhíorú.

### D'fhéadfaí tuilleadh eolais a iarraidh

Forchoimeádann an LCDC an ceart tuilleadh eolais a iarraidh uait más gá d'fhonn d'iarratas a mheas.

### Úsáid faisnéise

Úsáidfear an t-eolas a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm chun críocha próiseas an deontais a mheas agus a riar, agus chun iniúchtaí agus aon chuairteanna ar shuímh a éascú. Agus na hiarratais a fuarthas á meas, féadfaidh an LCDC comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile agus féadfaidh sé faisnéis faoi thionscadail atá á mbreithniú a nochtadh do na saineolaithe agus do na gníomhaireachtaí sin.

## TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

- Cuirfear deontais ar fáil do thionscadail nó **gníomhartha a chuideoidh deireadh a chur le bacainní a chuireann cosc ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu a bheith páirteach i ngníomhaíocht fhisiciúil** faoi Chiste Éire Shláintiúil, a fhaigheann tacaíocht ón Roinn Sláinte.

- Ní chuireann an scéim maoiniú ar fáil chun baill foirne a fhostú.
- Ní mór an fhaisnéis a chuirfidh an t-iarratasóir ar fáil a bheith cruinn agus iomlán.
- D'fhéadfadh dícháiliú agus/nó aisíoc deontais a bheith i gceist má thugtar eolas nach bhfuil fíor.
- Coinneofar go leictreonach an t-eolas ar fad a chuirtear ar fáil maidir leis an iarratas ar dheontas.
- Forchoimeádann an Roinn an ceart liosta de na deontais ar fad a bhronntar a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin.
- Baineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise le gach taifead atá i seilbh na Roinne agus na nÚdarás Áitiúil.
- Caithfidh Cathaoirleach, Rúnaí nó Cisteoir na heagraíochta atá ag déanamh an iarratais an fhoirm a shíniú.
- Tá sé de fhreagracht ar gach eagraíocht a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta agus na polasaithe cuí i bhfeidhm acu lena n-áirítear an t-árachas cuí, má bhaineann le hábhar.
- Ní mór fianaise ar chaiteachas, admhálacha /sonraisc a choinneáil agus a chur ar fáil don LCDC nó dá n-ionadaí.
- Caithfidh an deontas a bheith caite faoin **31 Nollaig 2022**, níor cheart aon chaiteachas a tabhaíodh roimh an dáta ar glacadh leis an litir tairisceana a chur san áireamh.
- Is gá ranníocaíocht na Roinne a admháil go poiblí i ngach ábhar a bhaineann le cuspóir an deontais.Ní mór do gach tionscadal na lógónna atá ag an maoinitheoir a úsáid in aon earraí, poiblíocht, preaseisiúintí nó meáin eile nó i ngníomhaíocht a bhaineann leis an deontas. Is gá go mbeadh an uas-cheannlíne 'Ciste Éire Shláintiúil, le tacaíocht ón Roinn Sláinte
- Ní chuirfear san áireamh aon iarratais a thagann ó thríú páirtí ná ó idirghabhálaí.
- Ní chuirfear san áireamh aon iarratais a thagann isteach déanach.
- Ba chóir d'iarratais a sheoltar tríd an bpost an luach ceart stampaí poist a úsáid agus neart ama a thabhairt lena chinntiú go mbeidh sí seachadadh tráth nach déanaí ná an dáta deiridh**.** Ní ghlacfar leis má táthar ag maíomh gur cailleadh nó gur cuireadh moill ar aon fhoirm iarratais sa phost, mura bhfuil Deimhniú Postála Oifig an Phoist ag iarratasóirí mar thaca dá leithéid.
- Má sháraítear téarmaí agus coinníollacha scéimh na ndeontas d'fhéadfadh smachtbhannaí a bheith mar thoradh air, lena n-áirítear nach nglacfaí le hiarratais ar dheontais amach anseo.
- Cinntigh, le do thoil, go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán, lena n-áirítear cóipeanna de na doiciméid tacaíochta ábhartha uile. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána ar mhaoiniú.
- Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar an eolas go mbeidh cur chuige cothromais/cothroime á chur i bhfeidhm ag an LCDC chun dáileadh cothrom maoinithe a chinntiú agus ní dhéanfar níos mó ná tionscadal amháin in aghaidh an ghrúpa a mheas le haghaidh maoinithe.
- Chun d'iarratas a phróiseáil, d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh Comhairle Chontae na Gaillimhe sonraí pearsanta a bhailiú uait. Próiseálfar a leithéid d'fhaisnéis ar aon dul le ráiteas príobháideachais an Údaráis Áitiúil atá ar fáil ar www.galway.ie.

**Is é an Dáta Deiridh a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe ná Dé hAoine 18 Mí na Samhna 2022 ag 4.00 pm.**